CINNEADH (CBES) 2023/2078 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 26 Meán Fómhair 2023

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/743 (EUNAVFOR MED IRINI/3/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) cinntí a ghlacadh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(3) An 4 Aibreán 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/743 ([2]) lena gceaptar an Seachaimiréal Valentino RINALDI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Aibreán 2023.

(4) An 5 Meán Fómhair 2023, mhol údaráis mhíleata na Gréige go ndéanfaí an Ceannasóir Cabhlaigh Konstantinos BAKALAKOS a cheapadh i gcomharbas ar an Seachaimiréal Valentino RINALDI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán sin.

(5) An 12 Meán Fómhair 2023, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh a rinne údaráis mhíleata na Gréige.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Cabhlaigh Konstantinos BAKALAKOS a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eopraigh ar EUNAVFOR MED IRINI.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/743 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Cabhlaigh Konstantinos BAKALAKOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

Airteagal 2

Déantar Cinneadh (CBES) 2023/743 a aisghairm.

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/743 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 4 Aibreán 2023 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1681 (EUNAVFOR MED IRINI/1/2023) (IO L 98, 11.4.2023, lch. 6).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach